

Irish translation of
Beating cervical cancer
The HPV vaccine – questions and answers for parents of girls in
Year 9

An ailse cheirbheacsach a chloí

An Vacsaín VSD – ceisteanna agus freagraí do thuismitheoirí cailíní i mbliain 9


Tugann an bhileog C&F seo breis eolais duit mar thacaíocht don bhileog ar cheart a bheith tugtha do d'iníon ar scoil.

Tá freagraí ann ar cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat faoin vacsaín nua víreas sineánómach daonna (VSD) a thabharfaidh cosaint dóibh i gcoinne ailse cheirbheacsáí. Tairgítear é mar ghnáthamh do chailíní 12 go 13 bliana d'aois (Bliain 9).

Tá faisnéis bhreise ar fáil ag www.helpprotectyourself.info

Cad í an ailse cheirbheacsach?

Bíonn tionchar ag an ailse cheirbheacsach ar an gceirbheacs – oscailt na broinne (féach Figiúr 1). Faigheann timpeall 1,000 bean bás den ailse cheirbheacsach sa RA gach bliain. Is í an víreas sineánómach daonna nó VSD is cúis leis an ailse, víreas a scaiptear ó dhuine go duine le linn gníomhaíochta gnéis (ní gá gur comhriachtan a bheadh i gceist). Is féidir le fir agus mná araon an víreas a tholghadh. Tá os cionn 100 cineál VSD ann ach níl ach 13 díobh aitheanta mar chúis don ailse cheirbheacsach agus bíonn dhá cheann díobh – cineálacha 16 agus 18 – ina gcúis do 70% de na cásanna.



Figiúr 1 Is é an ceirbheacs oscailt na broinne

Tá an vacsaín VSD á ofráil do d'iníon chun í a chosaint i gcoinne cineálacha 16 agus 18, an dá chineál is coitianta atá ina dtrúig don ailse cheirbheacsach. D'fhéadfadh vacsaín a bheith ann amach anseo a thabharfadh cosaint i gcoinne cineálacha eile den víreas atá ina dtrúig don ailse cheirbheacsach.

Conas a bhíonn VSD ina thrúig don ailse?

Téann an víreas isteach i gcealla dromchla an cheirbheacs agus tig leis fanacht ansin ar feadh na mblianta gan dochar ar bith a dhéanamh. Ansin, gan fáth soiléir ar bith, tig leis tosú ag déanamh dochair do na cealla seo. Is é cuspóir an scagadh ceirbheacsach na hathraithe seo a bhrath mar, má bhraitear in am iad, is féidir cóireáil a chur orthu chun forbairt na hailse a chosc. Má fhágtar gan chóireáil iad, tig leis an ailse forbairt agus d'fhéadfadh drochthinneas agus bás tarlú.

Ní bhíonn an víreas ina thrúig ailse d'fhormhór na ndaoine ach tarlaíonn sé do roinnt daoine. Ní bhíonn a fhios ag mná de ghnáth fiú go bhfuil ionfhabhtú acu mar nach mbíonn airí ar bith acu.

An dtugann an vacsaín cosaint in éadan gach ailse cheirbheacsáí?

Tugann an vacsaín seo cosaint in éadan an dá chineál víris is trúig do os cionn 70% den ailse cheirbheacsach. Ní thabharfaidh an vacsaín cosaint in éadan na gcineálacha eile atá ina dtrúig ailse; tá sé ríthábhachtach mar sin go mbeadh mná ag dul chuig scagadh ceirbheacsach (tástáil smearaidh) go rialta chun seiceáil le haghaidh ailse. Bainfidh sé seo le d'iníon fosta nuair a bhíonn sí sean go leor.

Déanfaidh an vacsaín laghdú 70% ar an mbaol go bhfaighidh d'iníon ailse cheirbheacsach.

An dtugann an vacsaín cosaint in éadan ionfhabhtuithe ghnéas-tarchurtha eile?

Tabharfaidh an vacsaín cosaint freisin in éadan an dá chineál VSD is trúig don chuid is mó de chásanna d'fhaithní na mball giniúna. Ní chosnóidh sé d'iníon ar ionfhabhtuithe ghnéas-tarchurtha eile, ar nós clamaidia, ná ní chosnóidh sé d'iníon ó a bheith ag iompar clainne. Tá sé an-tábhachtach fós mar sin go bhfaigheann d'iníon eolas faoi ghnéas níos sábháilte ag an am cuí.

Cá fhad a mhaireann cosaint an vacsaín?

Léiríonn staidéir go mbíonn leibhéal arda chosanta ag daoine le vacsaín ar feadh sé bliana ar a laghad, agus bítear ag súil go mairfidh sé ar feadh na mblianta níos faide ná sin. Tá staidéar á dhéanamh chun an chosaint fhadtéarmach a thomhas. Má bhíonn gá le teanndáileog den vacsaín níos déanaí ina saol cuirfead é seo in iúl do d'iníon.

Cad í an aois ag a dtabharfar an vacsaín?

Beidh an vacsaín VSD á ofráil do chailíní 12 go 13 bliain d'aois, i mBliain 9 ar scoil. Cé gur beag an seans go mbeidh sí i mbaol ionfhabhtú VSD ag an aois seo, tá an VSD an-choitianta agus scaiptear go héasca é le gníomhaíocht ghnéis. Bíonn suas le leath an daonra ionfhabhtaithe ag am éigin ina saol. Cé nach dtosaíonn formhór na gcailíní ar ghníomhaíocht ghnéis go dtí go mbíonn siad i bhfad níos sine, moltar an vacsaín a thabhairt dóibh ag 12-13 bliain d'aois. Ciallaíonn sé seo go bhfaigheann siad an sochar is mó as an vacsaín agus go mbíonn cosaint acu ar ionfhabhtú VSD nuair a thosaíonn siad ag gníomhú go gnéasach.

Conas a thabharfar an vacsaín?

Tabharfaidh an fhoireann sláinte scoile ó d'Iontaobhas Sláinte agus Cúram Sóisialta áitiúil na vacsaínithe. Beidh an té a thabharfaidh an vacsaíniú lánchálithe chun é seo a dhéanamh agus beidh a fhios acu conas plé le haon fhadhb a bhíonn ann. Tabharfaidh altra nó dochtúir an vacsaín in uachtar an sciatháin. Chun go n-oibreoidh an vacsaín, beidh trí instealladh de dhíth laistigh de thréimhse 12 mhí. Tá sé tábhachtach go bhfaighidh d'iníon gach ceann den trí instealladh chun an chosaint is fearr a fháil.

Cén uair a gheobhaidh m'iníon an vacsaíniú?

Ba chóir go mbeadh foirm toilithe faighte agat leis an leabhrán seo. Tá sé tábhachtach an fhoirm toilithe a shíniú agus a chur ar ais chun na scoile go pras. Ofrálfar trí dháileog den vacsaín VSD do d'iníon sa bhliain acadúil reatha. Glactar leis go bhfuil cailíní os cionn 16 bliana d'aois ábalta toiliú a thabhairt iad féin mura bhfuil malairt cúise ar leith ann.

An mbeidh a fhios ag ár nDochtúir Teaghlaigh go bhfuair m'iníon an vacsaíniú VSD?

Cuirfear faisnéis faoin vacsaíniú VSD chuig lialann do dhochtúra teaghlaigh ionas gur féidir é a iontráil i dtaifead sláinte d'iníne.

An mbeidh fo-iarmhairtí ann?

Fo-iarmhairtí séimhe a bhíonn ann – greadfach nó frithireacht san áit ina ndéantar an t-instealladh sa sciathán de ghnáth, agus ní fada a mhaireann sé. Sásaíonn an vacsaín na caighdeáin dhiana sábháilteachta atá riachtanach chun é a úsáid sa RA agus i dtíortha Eorpacha eile.

Go han-annamh, bíonn frithghníomhú ailléirgeach ag roinnt daoine go luath tar éis an imdhíonta. D'fhéadfadh frithghníomhú i bhfoirm gríos nó tochas a bheith ar chuid den cholainn nó ar fud na colainne. Beidh a fhios ag an altra conas cóireáil a dhéanamh air seo. Ní cúis é chun vacsaíniú breise VSD a sheachaint.

Tig le tuismitheoirí aon fho-iarmhairtí, a bhfuil amhras orthu ina dtaobh, a thuairisciú trí Scéim na gCártaí Buí. Is féidir e seo a dhéanamh trí chuairt a thabhairt ar www.yellowcard.gov.uk nó trí ghlaó a chur ar bheolín Yellow Card nó ar Shaorfón 0808 100 3352 (ar fáil ó Luan go hAoine 9.00 am go 5.00 pm.)

Rud is annaimhe fós, is féidir frithghníomhú géar a bheith ag duine, laistigh de chúpla nóiméad ón instealladh, le deacrachtaí anála agus tnáitheadh. Tugtar frithghníomhú anaifiolachtach air seo. Is fíor-annamh a tharlaíonn sé agus tá an t-altra nó an dochtúir oílte le plé leis. Le cóireáil tig daoine chucu féin go hiomlán, laistigh de chúpla uair an chloig de ghnáth.

Cad faoi chailíní a bhfuil ailléirgí nó riochtaí eile míochaine acu, an féidir leo sin an vacsaíniú VSD a fháil?

Is féidir. De ghnáth ní chuireann éadulaingtí bia, asma, eachma, fiabhras léana ná ailléirgí cosc ar dhuine an vacsaín seo a fháil. Má tá imní ar bith ort faoi seo, nó má tá dianailéirge laitéise ag d'iníon, labhair le foireann sláinte na scoile nó le do dhochtúir teaghlaigh sula bhfaighidh d'iníon an vacsaín..

Tig le cailíní a bhfuil cógais nó riochtaí fadtéarmacha i ndiaidh cur isteach ar a gcórais imdhíonaithe an vacsaín a fháil, ach b'fhéidir nach n-oibreodh an vacsaín chomh maith sin dóibh.

An gcuirfidh an vacsaín isteach ar chógas ar bith eile?

Níl fianaise ar bith ann go laghdaíonn an vacsaíniú éifeachtúlacht aon chógais ná an phiollaire frithghiniúna.

Cad a tharlaíonn má bhíonn m'iníon as láthair ón scoil ar lá an vacsaín?

Socróidh foireann sláinte na scoile am eile di chun an vacsaín a fháil.

Cad a tharlaíonn má bhí m'iníon gníomhach go gnéasach cheana féin?

Má bhí cailín gníomhach go gnéasach, d'fhéadfadh sé go bhfuil an VSD faighte cheana féin aici. Ach mar nach mbeidh a fhios cén cineál den víreas a fuair sí, ba chóir di an vacsaín a fháil ina ainneoin sin mar go bhféadfadh sé cosaint a thabhairt di go fóill.

Cad a dhéanfaidh mé má shílím go bhfuil m'iníon ag iompar clainne?

Níl aon bhaol aitheanta ann maidir leis an vacsaín VSD a thabhairt le linn toirchis. Ach mar réamhchúram ní mholtar an vacsaín VSD a thabhairt le linn toirchis. Ní hamhlaidh go mbaineann aon chúis imní sábháilteachta leis an vacsaín VSD a thabhairt le linn toirchis ach mar go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil faoin vacsaín a úsáid le linn toirchis teoranta. Má fhaigheann d'iníon amach go bhfuil sí ag iompar clainne go luath tar éis di an vacsaín VSD a fháil, ba chóir é seo a phlé lena dochtúir teaghlaigh.

Munar mian léi an vacsaíniú a fháil?

Ní chaithfidh sé é a fháil, munar mian léi. Ach moltar di é a fháil ar na cúiseanna atá tugtha thuas. Má fhaigheann sí an vacsaíniú anois beidh cosaint aici ar feadh na mblianta. Mol di labhairt le foireann sláinte na scoile má tá breis eolais uaithe – léi féin, nó leatsa más é sin is fearr léi.

Má theastaíonn an vacsaíniú uaithe féin, ach gur fearr linne, mar thuismitheoirí, nach bhfaigheadh sí é?

Ba chóir duit é seo a phlé le d'iníon agus le foireann sláinte na scoile chun breis eolais a fháil, ach de réir dlí is léi féin an cinneadh chomh fada is a thuigeann sí cad atá i gceist sa toiliú. Tá sé tábhachtach do thodhchaí d'iníne go dtuigeann sí má fhaigheann sí an vacsaíniú anois go mbeidh cosaint aici in aghaidh an trúig ailse ceirbheacsáí is coitianta ar feadh na mblianta fada.

Tuige nach bhfaigheann buachaillí an vacsaíniú?

Is é cuspóir an fheachtais seo cailíní agus mná a chosaint ón ailse cheirbheacsach. Is léir nach iad na buachaillí a fhaigheann an ailse, ach ní mór dóibh a bheith eolach faoi ghnéas níos sábháilte chun an baol go bhfaigheadh siad agus go scaipfeadh siad VSD a laghdú.

Tá tuilleadh eolais faoi VSD agus cóipeanna den C&F seo agus den bhileog ar fáil ónár suíomh idirlín ag www.helpprotectyourself.info

Má tá cóip den C&F nó den bhileog uait i dteanga eile gabh chuig ár suíomh idirlín nó iarr ar altra na scoile cóip a phriontáil duit.



Eisithe ag an Ghníomhaireacht Sláinte Phoiblí thar ceann na Roinne Sláinte Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí. Ábhar Cóipchirt na Corónach atáirgthe le cead Rialtóir an HMSO agus Clódóir na Banríona d'Albain.